Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0541(COD)

19.5.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0541 – C10-0176/2025 – 2025/0541(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Karlo Ressler

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 21

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0541 – C10-0176/2025 – 2025/0541(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0541),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2) agus d'Airteagal 79(2), pointí (c) agus (d), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0176/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Feabhra 2026[1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I bhfianaise timpeallacht domhanda atá ag athrú agus éagobhsaíocht atá ag dul i méid, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit a n-acmhainní a chur le chéile chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an imirce ***neamhrialta***, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, agus freagairt do ghníomhaithe Stáit a chruthaíonn agus a éascaíonn an imirce ***neamhrialta*** go saorga, lena ndéantar sreabha imirce a ionstraimiú mar uirlis chun críoch polaitiúil, agus oirbhearta cogaíochta hibridí a úsáid, ar nós an imirce a úsáid mar uirlis troda[7], chun an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a dhíchobhsú. Ar mhaithe le dlúthpháirtíocht i limistéar Schengen ina iomláine agus de mheon na freagrachta comhroinnte as teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, ba cheart aghaidh leormhaith a thabhairt i bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit ar na dúshláin a sainaithníodh, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, na Straitéise Eorpaí um Beartas Víosaí agus in ailtireacht TF nua Schengen lena mbítear ag brath ar na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) a chuirtear chun úsáide le haghaidh teorainneacha seachtracha agus bainistiú slándála agus ar idir-inoibritheacht na gcóras sin freisin. Thairis sin, chun tacú le misean an rialaithe teorann, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chun úsáide réiteach teicneolaíochta agus digiteach.	(9) I bhfianaise timpeallacht domhanda atá ag athrú agus éagobhsaíocht atá ag dul i méid, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit a n-acmhainní a chur le chéile ***agus a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí leordhóthanacha fisiceacha, teicniúla, daonna agus riaracháin ar fáil dóibh*** chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an imirce ***neamhdhleathach***, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, agus freagairt do ghníomhaithe Stáit a chruthaíonn agus a éascaíonn an imirce ***neamhdhleathach*** go saorga, lena ndéantar sreabha imirce a ionstraimiú mar uirlis chun críoch polaitiúil, agus oirbhearta cogaíochta hibridí a úsáid, ar nós an imirce a úsáid mar uirlis troda[7], chun an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a dhíchobhsú. Ar mhaithe le dlúthpháirtíocht i limistéar Schengen ina iomláine agus de mheon na freagrachta comhroinnte as teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, ba cheart aghaidh leormhaith a thabhairt i bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit ar na dúshláin a sainaithníodh, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, na Straitéise Eorpaí um Beartas Víosaí agus in ailtireacht TF nua Schengen lena mbítear ag brath ar na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) a chuirtear chun úsáide le haghaidh teorainneacha seachtracha agus bainistiú slándála agus ar idir-inoibritheacht na gcóras sin freisin. Thairis sin, chun tacú le misean an rialaithe teorann, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chun úsáide réiteach teicneolaíochta agus digiteach.
[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a	[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a

bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais (COM(2024) 570 final an 11.12.2024).	bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais (COM(2024) 570 final an 11.12.2024).
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais idir beartais imirce, tearmainn, um filleadh agus sheachtracha agus tá sé tábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh cúnamh seachtrach an Aontais agus an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch, struchtúrtha i leith na himirce, sineirgí a uasmhéadú agus giaráil a mhéadú. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais ***i gcásanna a bhfuil údar cuí leo***, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún i gcéimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.	(10) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais***. Tá sé tábhachtach go n-áiritheoidh an Coimisiún comhordú le cistí ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an Ciste Slándála Inmheánaí, chun tionchar chistiú an Aontais a uasmhéadú agus chun dúbláil a sheachaint***. Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais idir beartais imirce, tearmainn, um filleadh agus sheachtracha agus tá sé tábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh cúnamh seachtrach an Aontais agus an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch, struchtúrtha i leith na himirce, sineirgí a uasmhéadú agus giaráil a mhéadú ***chun comhar bríoch agus dírithe ar thorthaí a shaothrú le tríú tíortha agus le geallsealbhóirí ábhartha***. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ***gníomhaíochtaí a dhéantar i dtríú tíortha, lena n-áirítear*** tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún i gcéimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) De bhrí go mbaineann dúshláin le bainistiú teorainneacha agus sa bheartas víosaí ag teacht chun cinn de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas a oiriúnú d'athruithe i dtosaíochtaí i dtaca le bainistiú teorainneacha seachtracha agus an beartas víosaí, lena n-áirítear athruithe de thoradh brú méadaithe ag an teorainn, agus is gá cistiú a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil breisluach Aontais is airde ag baint leo. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát.	(12) De bhrí go mbaineann dúshláin le bainistiú teorainneacha agus sa bheartas víosaí ag teacht chun cinn de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas a oiriúnú d'athruithe i dtosaíochtaí i dtaca le bainistiú teorainneacha seachtracha agus an beartas víosaí, lena n-áirítear athruithe de thoradh brú méadaithe ag an teorainn, agus is gá cistiú a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil breisluach Aontais is airde ag baint leo. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. ***Chun críocha na tosaíochta sin, ba cheart riachtanais phráinneacha agus dúshláin tosaíochta a shainaithint ar bhonn sásraí agus uirlisí faireacháin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear meastóireachtaí Schengen, measúnú leochaileachta Frontex agus anailísí ábhartha ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais laistigh dá sainorduithe.*** Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí

Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát. ***Leis an tsolúbthacht sin, ba cheart a áirithiú gur féidir tacaíocht a dhíriú go pras ar bhearta lena neartaítear an acmhainneacht oibríochtúil láithreach, go háirithe ag na codanna den teorainn sheachtrach is neamhchosanta, agus ar infheistíochtaí a bhfuil tionchar intomhaiste marthanach acu ar an tslándáil, ar éifeachtúlacht nós imeachta agus ar athléimneacht limistéar Schengen.***

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear eolas agus taithí chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais san áireamh agus bearta á gcur chun feidhme nó agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin i ndáil le bainistiú imirce, rialú agus bainistiú teorann agus an tslándáil inmheánach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann freisin ról a thabhairt do na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann na bearta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas acquis ábhartha an Aontais agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.	(13) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear eolas agus taithí chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais san áireamh agus bearta á gcur chun feidhme nó agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin i ndáil le bainistiú imirce, rialú agus bainistiú teorann agus an tslándáil inmheánach***, lena n-áirítear trí lánúsáid a bhaint as a n-acmhainneachtaí oibríochtúla agus anailíseacha agus trí chomhordú agus malartú faisnéise éifeachtach leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí sin a áirithiú***. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann freisin ról a thabhairt do na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann na bearta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas acquis ábhartha an Aontais agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le héifeachtúlacht na próiseála víosaí a nuachóiriú agus fheabhsú i dtéarmaí rioscaí imirce slándála agus ***neamhrialta*** a bhrath agus a mheasúnú, lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach an Chóid Víosaí. Go háirithe, leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le próiseáil víosaí a dhigiteáil agus é mar chuspóir aige sin nósanna imeachta maidir le víosaí atá tapa, slán agus áisiúil don chliant a chur ar fáil chun tairbhe na n-iarratasóirí ar víosa agus na gconsalachtaí araon. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas feabhas a chur ar an tseirbhís d'iarratasóirí ar víosaí freisin, lena n-áirítear trí sheirbhísí consalacha a chumhdach ar bhealach níos fearr ar fud an domhain.	(16) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le héifeachtúlacht na próiseála víosaí a nuachóiriú agus fheabhsú i dtéarmaí rioscaí imirce slándála agus ***neamhdhleathach*** a bhrath agus a mheasúnú, lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach an Chóid Víosaí. Go háirithe, leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le próiseáil víosaí a dhigiteáil agus é mar chuspóir aige sin nósanna imeachta maidir le víosaí atá tapa, slán agus áisiúil don chliant a chur ar fáil chun tairbhe na n-iarratasóirí ar víosa agus na gconsalachtaí araon. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas feabhas a chur ar an tseirbhís d'iarratasóirí ar víosaí freisin, lena n-áirítear trí sheirbhísí consalacha a chumhdach ar bhealach níos fearr ar fud an domhain.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Féadfaidh na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú ó thaobh chur chuige an rialachais.	(17) Féadfaidh na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú ó thaobh chur chuige an rialachais***, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomchuí na n-údarás réigiúnach agus áitiúil a áirithiú in ullmhú agus i gcur chun feidhme Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát, de réir na gcreataí institiúideacha sonracha***.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le héifeachtacht an bheartais um fhilleadh a mhéadú, mar chuid bhunriachtanach de chóras dea-fheidhmiúil bainistithe imirce. Go háirithe, ba cheart dó tacú leis na Ballstáit fillteacha tapa, éifeachtúla agus inbhuanaithe a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe le tríú tíortha maidir le hathligean isteach agus athlánpháirtiú.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) Ní mór d'fhorálacha an Rialacháin seo, chomh maith lena shocruithe rialachais, cuidiú le cinnteoireacht chuí an údaráis bhuiséadaigh agus le maoirseoireacht pharlaiminteach iomchuí. Go háirithe, ba cheart aon sonraíocht maidir le tacaíocht an Aontais do limistéar Schengen, do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas maidir le hailtireacht inmheánach víosaí a léiriú go cuí san ainmníocht bhuiséadach trí línte buiséid comhfhreagracha a thabhairt isteach.
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24b) Rinneadh measúnú[1a] ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais de bhun Airteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh chun [é/í] a chur chun feidhme, agus tionchar a [mhaoinithe/maoinithe] ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á chur san áireamh agus a [chomhoiriúnacht/comhoiriúnacht] leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á háirithiú[1b].

[1a] Measúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid i bParlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear tacaíocht an Aontais do limistéar Schengen, do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas maidir le víosaí don tréimhse ó 2028 go 2034 (COM(2025)0541).

[1b] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Díolmhófar tacaíocht an Aontais ó chur i bhfeidhm na bprionsabal cothrománach dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 de Rialachán (AE) xxxx/xxx (an Rialachán Feidhmíochta).
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfar caiteachas a mhaoinítear leis an tacaíocht sin ón Aontas a eisiamh ón mbonn chun an sprioc maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil a ríomh mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) xxxx/xxx (an Rialachán Feidhmíochta).
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tacú le bainistiú comhtháite teorainneacha éifeachtach san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha arna chur chun feidhme ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach mar fhreagracht chomhroinnte idir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí	(b) tacú le bainistiú comhtháite teorainneacha éifeachtach san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha arna chur chun feidhme ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach mar fhreagracht chomhroinnte idir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí

nua, chun trasnuithe dlisteanacha ag teorainneacha a éascú, an inimirce neamhdhlíthiúil agus coireacht trasteorann a chosc agus a bhrath ***agus*** an imirce ***neamhrialta*** a ionstraimiú agus a úsáid mar uirlis troda, chun rannchuidiú le filleadh éifeachtach;	nua, chun trasnuithe dlisteanacha ag teorainneacha a éascú, an inimirce neamhdhlíthiúil agus coireacht trasteorann a chosc agus a bhrath***,*** an imirce ***neamhdhleathach*** a ionstraimiú agus a úsáid mar uirlis troda ***agus bagairtí hibrideacha eile***, ***agus*** chun rannchuidiú le filleadh éifeachtach;
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí chun gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a bhaint amach i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí comhréireach leis na dúshláin agus riachtanais a sainaithníodh.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí chun gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a bhaint amach i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí comhréireach leis na dúshláin agus riachtanais a sainaithníodh***, lena n-áirítear leibhéal nochta na gcodanna den teorainn sheachtrach, an t-ualach oibríochtúil ar údaráis inniúla, rioscaí slándála agus an gá atá le hacmhainn inbhuanaithe a áirithiú le himeacht ama***.
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	Cuspóirí sonracha le haghaidh na tacaíochta ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip ag na

teorainneacha seachtracha agus don chomhbheartas víosaí

1. Laistigh den chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le dea-fheidhmiú limistéar Schengen agus leis an gcomhar trasteorann, lena n-áirítear trí thacú leis an méid seo a leanas:

(a) cur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as meastóireachtaí Schengen agus as sásraí faireacháin, agus bearta lena dtugtar aghaidh ar easnaimh a dhéanann difear do chur i bhfeidhm acquis Schengen;

(b) bearta lena dtacaítear le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach, éifeachtach agus tráthúil acquis Schengen sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(c) gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus teicniúla a bhfuil gá leo chun rialachas Schengen a neartú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena dtacaítear le sásraí meastóireachta agus faireacháin;

(d) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le faisnéis, anailís riosca agus feasacht staide a bhailiú, a mhalartú agus a úsáid i gcás inar gá ar mhaithe le dea-fheidhmiú limistéar Schengen;

(e) bearta lena dtacaítear le cur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais atá ábhartha d'fheidhmiú limistéar Schengen, agus le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

2. Laistigh den chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (b), leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le bainistíocht chomhtháite teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear trí thacú leis an méid seo a leanas:

(a) modhanna teicniúla iompair, córais faireachais, córais chumarsáide agus an teicneolaíocht faisnéise agus

cumarsáide is gá a sholáthar, a chothabháil agus a uasghrádú chun teorainneacha a bhainistiú go héifeachtach agus go slán;

(b) bonneagar agus saoráidí a fhorbairt, a thógáil, a oiriúnú, a chothabháil agus a nuachóiriú, chomh maith le trealamh a sholáthar, a chothabháil agus a uasghrádú, ag pointí trasnaithe teorann agus feadh teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear sócmhainní seasta, soghluaiste agus in-imscartha is gá chun seiceálacha teorann, oibríochtaí faireachais agus nósanna imeachta gaolmhara a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais;

(c) bunú, oibriú, cothabháil, uasghrádú agus idir-inoibritheacht córas mórscála TF lena dtacaítear le bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cáilíocht sonraí, cibearshlándáil, ullmhacht an chórais agus feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí;

(d) oiliúint, fothú acmhainneachta, malartú dea-chleachtas agus caighdeáin choiteanna a fhorbairt do ghardaí teorann agus d'údaráis eile a fheidhmíonn feidhmeanna bainistithe teorann;

(e) bearta chun comhar agus comhordú a neartú idir na Ballstáit agus le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, eu-LISA agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais;

(f) gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear forbairt cumais, fothú acmhainneachta coiteann, soláthar comhpháirteach, caighdeáin choiteanna a bhunú, trealamh sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil de chuid na

Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a chlárú nó a chur ar fáil, agus bearta lena dtugtar aghaidh ar mholtaí a eascraíonn as measúnuithe leochaileachta;

(g) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le forbairt, oibriú agus úsáid EUROSUR agus uirlisí eile a chuirfidh le faireachas ar theorainneacha, feasacht staide, anailís riosca agus malartú faisnéise;

(h) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le nósanna imeachta scagtha agus teorann ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla agus teicniúla, trealamh, saoráidí, oiliúint, comhordú agus gníomhaíochtaí sásraí faireacháin neamhspleácha dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais;

(i) modhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur in úsáid chun tacú le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.

3. Laistigh den chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar leis an gcomhbheartas víosaí, lena n-áirítear trí thacú leis an méid seo a leanas:

(a) próiseáil víosaí a dhigitiú agus seirbhísí consalacha a nuachóiriú, d'fhonn nósanna imeachta slána, éifeachtúla agus inrochtana a áirithiú d'iarratasóirí ar víosaí;

(b) bonneagar, saoráidí, bearta slándála, trealamh oibriúcháin agus córais TFC is gá le haghaidh próiseáil iarratas ar víosaí agus comhar consalach a fhorbairt, a uasghrádú, a chothabháil agus a oibriú;

(c) comhar consalach, cumhdach consalach, slándáil doiciméad agus comhar i measc na mBallstát maidir le próiseáil víosaí;

(d) imscaradh, oiliúint agus fothú acmhainneachta na mball foirne

consalacha agus na mball foirne eile a chuirfidh leis an gcomhbheartas víosaí;

(e) tacaíocht do Bhallstáit agus víosaí á n-eisiúint acu i gcomhréir le acquis an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu;

(f) bearta lena dtugtar aghaidh ar mholtaí a eascraíonn as meastóireachtaí Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí ar tugadh aghaidh orthu;

(g) bunú, oibriú, cothabháil, uasghrádú agus idir-inoibritheacht córas mórscála TF lena dtacaítear leis an gcomhbheartas víosaí, lena n-áirítear an Córas Faisnéise Víosaí agus an bonneagar cumarsáide gaolmhar;

(h) gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear cáilíocht sonraí i gcórais TFC a bhaineann le víosaí agus lena bhfeabhsaítear feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí;

(i) staidéir, treoirthionscadail, malartú dea-chleachtas, faireachán, meastóireacht, uirlisí staidrimh agus modhanna nó teicneolaíochtaí nuálacha a chuirfidh le cur chun feidhme agus nuachóiriú an chomhbheartais víosaí.

4. Féadfar tacaíocht oibriúcháin a chumhdach freisin le tacaíocht ón Aontas, lena n-áirítear costais foirne incháilithe, gníomhaíochtaí cumarsáide, cúnamh teicniúil agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, riaracháin, faireacháin, rialaithe nó meastóireachta eile is gá le haghaidh chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3, lena n-áirítear na costais is gá chun ullmhacht oibríochtúil a choinneáil ar bun.

5. Beidh na catagóirí gníomhaíochtaí agus beart dá dtagraítear san Airteagal seo neamh-uileghabhálach agus beidh siad gan dochar do na rialacha incháilitheachta, do na modhanna cur chun feidhme, don chreat feidhmíochta agus do na socruithe clársceidealaithe a

leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil agus i Rialachán (AE) xxxx/xxx (an Rialachán Feidhmíochta).

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3b
	Tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó do ghníomhaíochtaí i ndáil le tríú tíortha
	Féadfar tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó do ghníomhaíochtaí i ndáil le tríú tíortha, ar choinníoll go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, lena gcomhlánaítear na gníomhaíochtaí i dtríú tíortha a dtacaítear leo faoi Rialachán (AE) [an Ciste don Eoraip Dhomhanda]. Fónfaidh na gníomhaíochtaí sin do leasanna bheartais inmheánacha an Aontais agus beidh siad comhsheasmhach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar laistigh den Aontas.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí	1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí

a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag ***EUR 15 396 750 000*** i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha le haghaidh na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.	a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag ***...*** ***[uimhir ón tuarascáil eatramhach ar an togra le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil do 2028-2034 (2025/0571R(APP)],*** i bpraghsanna reatha ***agus i bpraghsanna 2025***. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha le haghaidh na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Agus na leithreasuithe buiséadacha dá dtagraítear i mír 3 á gcur chun feidhme trí Shaoráid AE, cuirfidh an Coimisiún san áireamh riachtanais phráinneacha agus dúshláin tosaíochta a dhéanann difear do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3, mar a shainaithnítear iad ar bhonn sásraí agus uirlisí faireacháin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear meastóireachtaí Schengen, measúnú leochaileachta Frontex agus anailísí ábhartha ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais laistigh dá sainorduithe, agus tosaíochtaí á leagan síos aige do thacaíocht an Aontais faoi Shaoráid AE.
	Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh na dtrí chlár a thiocfaidh i gcomharbacht ar na cistí reatha i réimse na ngnóthaí baile (AMIF, IBTV agus CSI), mar aon le Ciste cothrománach um Phleananna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Comhpháirtíochta (CNR)[1] [an 'Ciste CNR' mar a thugtar air]. Is cuid den phacáiste sin an togra seo le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034[2]. Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún buiséad EUR 15,4 billiún don tréimhse 2028 go 2034.

De réir an Choimisiúin, le struchtúr agus cur chuige chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 (CAI 2028-2034), cuirfear buiséad nuachóirithe ar fáil don Aontas, déanfar athchóiriú air chun solúbthacht agus simpliú a áirithiú, agus cuirfear in oiriúint do riachtanais áitiúla é. Ón bpeirspictíocht sin, ciallaíonn solúbthacht 'buiséad níos sofhreagrúla, lena gcomhcheanglófar cobhsaíocht agus intuarthacht agus acmhainneacht níos struchtúrtha chun dul i ngleic le riachtanais agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn'[3]; cé go gciallaíonn simpliú 'rialacha agus próisis maidir le rochtain ar chistiú ón Aontas a shimpliú agus a chomhchuibhiú', rochtain ar chistí an Aontais a dhéanamh níos éasca do thairbhithe, agus 'ollstruchtúr níos simplí, ina mbeidh níos lú clár, lena laghdófar an t-ualach riaracháin'.

Is príomhghné den ailtireacht athbhreithnithe sin é Ciste CNR. Ina seasamh maidir le CAI 2028-2034 atá beartaithe, chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir nach bhfuil an leibhéal maoinithe atá beartaithe ag teacht le huaillmhianta straitéiseacha an Aontais ná le scála na ndúshlán atá roimh an Eoraip, ó shlándáil, cosaint agus bainistiú imirce go hiomaíochas eacnamaíoch agus teicneolaíoch. Chuir sí i bhfios go láidir freisin nach mór acmhainní leordhóthanacha agus an cumas torthaí nithiúla a bhaint amach a bheith ag gabháil leis an tsolúbthacht agus leis an simpliú. Tá sé sin ábhartha go háirithe ós rud é go dtugtar le chéile le Ciste CNR an beartas comhtháthaithe, na comhbheartais talmhaíochta agus iascaigh, ach freisin na beartais i réimsí gnóthaí baile, lena n-áirítear imirce, tearmann, bainistiú teorainneacha, creat Schengen, víosaí agus slándáil inmheánach. Tá an ciste le cur chun feidhme trí Phleananna CNR, arna n-ullmhú ag na Ballstáit iad féin, arna measúnú ag an gCoimisiún, agus arna nglacadh ag an gComhairle, nó trí Shaoráid de chuid an Aontais ar cheart di cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a chomhlánú agus tacú le tionscadail thrasnáisiúnta agus nuálacha.

Dá bhrí sin, tá dlúthnasc idir an togra seo agus Ciste CNR. Cé go gcinntear leis an togra seo an t-imchlúdach airgeadais agus na cuspóirí beartais, tagann a chur chun feidhme faoi chuimsiú Chiste CNR. Mar a léirítear i gCiste CNR, 'féadfar coinníollacha sonracha a leagan amach i

---

[1] Togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (2025/0240 (COD)) (Togra maidir le Pleananna CNR)

[2] Mar aon leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtiú) agus leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach)

[3] Buiséad dinimiciúil AE le haghaidh thosaíochtaí na todhchaí - Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 (COM(2025) 570 final)

rialacháin earnáilsonracha chun Ciste CNR a chomhlánú' ach 'níor cheart na coinníollacha sin a bheith ag teacht salach' ar Chiste CNR; i gcás amhrais, 'beidh forlámhas ag' an dara ceann (Aithris 8). Cinntear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra maidir le plean CNR an eochair don ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil do gach Ballstát chun a bPlean CNR faoi seach a chur chun feidhme. Leis an togra, ceadaítear do na Ballstáit freisin a bplean a leasú agus a iarraidh go ndéanfaí cuid de na méideanna a ath-leithdháileadh idir na trí ionstraim gnóthaí baile.

Ós rud é nach bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach i réimsí beartais uile an Aontais ('geoiméadracht athraitheach'), cuireadh na trí ionstraim gnóthaí baile síos taobh leis an gCiste CNR, seachas iad a ionchorprú ann. Tá tíortha comhlachaithe Schengen ceaptha a bheith rannpháirteach trí ranníocaíochtaí airgeadais arna gcomhaontú i socruithe déthaobhacha leis an Aontas.

Is é is cuspóir don togra seo cistiú spriocdhírithe solúbtha ón Aontas a chur ar fáil chun tacú leis na Ballstáit creat Schengen, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus cúraimí a bhaineann le víosaí a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh go héifeachtach, rud a chuirfidh le slándáil fhoriomlán agus feidhmiú cuí limistéar Schengen. Chuige sin, tacaíonn sé le bearta arb é is aidhm dóibh acmhainneachtaí faireachais ar theorainneacha a neartú, idir-inoibritheacht agus digitiú a fheabhsú, feasacht staide a fheabhsú, nósanna imeachta víosaí a éascú, agus comhlíonadh oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a áirithiú i ngach gníomhaíocht ghaolmhar.

Cuireann an togra leis an struchtúr atá ann cheana a bunaíodh faoin Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV)[4] agus faoi ionstraimí gaolmhara de chuid an Aontais, agus réaltachtaí oibríochtúla nua agus forbairtí teicneolaíochta á gcur san áireamh ag an am céanna. Féachann sé le leanúnachas tacaíochta a áirithiú agus cumas an Aontais á neartú ag an am céanna freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn a dhéanann difear d'fheidhmiú limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus do bheartas víosaí an Aontais. Cé go bhfuil dlúthbhaint aige le cur chun feidhme agus forbairt leanúnach chórais faisnéise mhórscála an Aontais agus na hailtireachta idir-inoibritheachta, lena n-áirítear an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), Córas Faisnéise Schengen (SIS), agus Eurodac, comhlánaíonn an togra freisin cur chun feidhme na gcodanna ábhartha den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (an Rialachán maidir le Scagadh).

Is iad trí ghné bhreise den togra an leithdháileadh airgeadais ar an Liotuáin le haghaidh na Scéime Idirthurais Speisialta, an fhoráil maidir leis na hacmhainní le haghaidh chostais oibriúcháin na mBallstát den Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus na rialacha maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais don Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351[5].

I bhfianaise an mhéid sin, is geal leis an Rapóirtéir an méadú ar thacaíocht an Aontais don imirce, do bhainistiú teorainneacha agus don tslándáil inmheánach faoi CAI 2028-2034 atá

[4] Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí

[5] Rialachán (AE) 2024/1351 ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013

beartaithe, agus go bhfuil an leithdháileadh foriomlán do na réimsí sin trí huaire níos airde ná faoin CAI reatha.

Measann an Rapóirtéir gur cheart go soláthrófaí leis an rialachán soiléireacht agus treoir níos fearr do na Ballstáit maidir leis na catagóirí gníomhaíochtaí agus beart a bhféadfaí tacú leo faoin ionstraim. Agus solúbthacht an struchtúir nua á caomhnú, ba cheart liosta neamh-uileghabhálach a leagan amach sa rialachán de chatagóirí tacaíochta atá nasctha le gach ceann dá chuspóirí sonracha: dhea-fheidhmiú limistéa Schengen, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha agus an comhbheartas víosaí. Sholáthródh sé sin soiléireacht dhlíthiúil agus pholaitiúil níos fearr do na cineálacha tacaíochta atá beartaithe, agus ag an am céanna sheachnófaí liosta ró-shaintreorach nó dúnta de ghníomhaíochtaí incháilithe a bhainfeadh an bonn den tsolúbthacht is gá faoin ailtireacht nua.

Measann an Rapóirtéir freisin gur cheart an tsolúbthacht a sholáthraítear leis an tSaoráid AE a bheith á treorú ag riachtanais oibiachtúla agus ag breisluach soiléir an Aontais. Agus tosaíochtaí á leagan síos aige maidir le tacaíocht ón Aontas faoin tSaoráid AE, ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, riachtanais phráinneacha agus dúshláin tosaíochta arna sainaithint trí shásraí agus uirlisí faireacháin ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh, lena n-áirítear meastóireachtaí Schengen, measúnú leochaileachta Frontex agus anailísí ábhartha ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais laistigh dá sainorduithe faoi seach. Chuideodh sé sin lena áirithiú nach bhfeidhmeofaí solúbthacht ar bhealach teimhneach, ach go mbeadh sí á stiúradh ag tosaíochtaí fianaisebhunaithe agus ag riachtanais oibríochtúla.